A Chomh-mhúinteoir, a chara,

Beannachtaí na hAthbhliana ó Fhoireann Iar-bhunscoile an GhaelAonaid. Is mór againn do chlárú linn chun an nuacht agus an t-eolas is déanaí maidir le teagasc agus foghlaim na Gaeilge a fháil.

Tá súil againn go mbeidh an cor poist seo ina spreagadh duit agus go gcuideoidh sé leat tosú ar an téarma seo le muinín agus le fuinneamh nua.

## Instagram

Dea-nuacht daoibh. Tá cuntas Instagram ag an nGaelAonad. Bígí dár leanúint ag @OideGaelAonad nó teacht isteach agat ón gcód mearfhreagartha.

@OIDEGAELAONAD





## Sos Gníomhach Gach Lá!

Sa dúshlán Sos Gníomhach Gach Lá, atá eagraithe ag Active Schools, iarrtar ar mhúinteoirí agus a gcuid ranganna, geallúint a dhéanamh go mbeidh sos gluaiseachta acu gach lá, i gcaitheamh 4 seachtaine an dúshláin (19 Eanáir – 13 Feabhra). Cláraígí anseo.

## Deis Chruthaitheachta do Mhúinteoirí

Tá áthas ar *Oide Creativity* an tsraith de cheardlanna *Club Cleite na Múinteoirí* a chur ar fáil i gcomhar le *Fighting Words.* Tugann an tsraith seo de cheardlanna deis do rannpháirtithe:

- Tabhairt faoin **scríbhneoireacht chruthaitheach** ar bhealaí eagsúla agus am a chur ar leataobh dá scríbhneoireacht féin.
- Éisteacht le haoi-scríbhneoirí gairmiúla, Alex Hijams agus Anna Heusseuf agus deis a fháil a gcuid scríbhneoireachta a phlé leo. Cláraígí anseo.



Oide | FIGHTING WORDS The write to right.

### Club Cleite na Múinteoirí

Áit don scríobh 'is don chomhrá

Tá **Oide Creativity**, i gcomhar le **Fighting Words**, ag cur sraith ceardlann ar fáil **ar líne** atá oscailte do gach múinteoir.
Tugann an tsraith seo de cheardlanna deis do rannphártithe:

- Tabhairt faoin **scríbhneoireacht chruthaitheach** ar bhealaí eagsúla
- Am a chur go leataobh dá scríbhneoireacht féin
- Dul i mbun spraoi le smaointe agus/nó le hobair atá idir lámha acu
- Éisteacht le aoi-scríbhneoirí gairmiúla agus deis a fháil a gcuid scríbhneoireachta a phlé leo
- Comhoibriú chun cur chuige scríbhneoireachta a phlé a thacóidh lena gcleachtas gairmiúil sa seomra ranga

| Dáta | Am | Ionad |
|---|---|---|
| Déardaoin, 5 Feabhra | 7:00 p.m. - 8:30 i.n. | Ar líne trí Zoom le Fighting Words |
| Dé Céadaoin, 4 Márta | 7:00 p.m. - 8:30 i.n. | Ar líne trí Zoom le hAnna Heussaff |
| Déardaoin, 16 Aibreán | 7:00 p.m. - 8:30 i.n. | Ar líne trí Zoom le hAlex Hijmans |

Is úrscéalaí í **Anna Heussaff** a scríobhann do léitheoirí fásta agus don aos óg.Bronnadh mórdhuais i gComórtais an Oireachtais ar a leabhair agus bronnadh Gradam Speisialta na Moltóirí ar Hóng ag duaiseanna Leabhair Pháistí Éireann/CBI. Craolann sí ó am go chéile ar chúrsaí litríochta agus ar chúrsaí reatha.

Bronnadh gradaim liteartha Oireachtais ar shaothair **Alex Hijmans**, idir fhicsean agus neamhfhicsean. Rugadh Alex Hijmans san Ísiltír. D'fhoghlaim sé an Ghaeilge i nGleann Cholm Cille, ar an gCeathrú Rua agus i nGaillimh. Tá an t-úrscéal Aiséirí ainmnithe ar liosta '50 Irish Books' de chuid na heagraíochta Contemporary Irish Writing.

Tabhair faoi deara: Ní mór do rannphairtithe a bheith ar fáil le freastal ar gach seisiún ar líne.Tá áiteanna gann agus cuirfear liosta feithimh i bhfeidhm. Cláraigh ag www.creativity.oide.ie
Ó 2009 i leith, tá Fighting Words ag tabhairt ceardlanna cruthaitheacha spreagúla do dhaoine ar fud na hÉireann. Le 20 suíomh anois ar fud na tíre, is cinnte go bhfuil ionad Fighting Words gar duit! www.fightingwords.ie

www.oide.ie
X @Oide_Creativity

# Áiseanna agus Acmhainní

## Tús Maith Le...

Tá áthas ar Fhoireann Iar-bhunscoile an GhaelAonaid an acmhainn *Tús Maith Le...* a chur ar fáil do mhúinteoirí na tíre mar thacaíocht leis an litríocht faoi Chiorclán 0071/2025.

Tugtar léargas sa cháipéis ar phlota, eolas faoin údar, ar phríomhcharachtair agus ar théamaí féideartha na dtéacsanna.

Íoslódálaigí *Tús Maith le...* anseo.







## Foghlaim TG4 agus COGG

Is féidir teacht ar acmhainní agus thacaíocht le teagasc agus foghlaim don tSraith Shóisearach agus don Ardteisiméireacht ar shuíomh idirlín Foghlaim TG4 i gcomhar le COGG.

Féach ar na hacmhainní nua anseo.

foclóir.ie

## An Foclóir Nua Gaeilge

Seoladh an chéad sciar den fhoclóir nua aonteangach Gaeilge i mí na Nollag 2025. Tá 20,000 iontráil agus 40,000 brí san áireamh sa chéad sciar den ábhar.

Faighigí tuilleadh eolais anseo.

**Deiseanna Gairme ar Iasacht le hOide**

Tá Oide ag lorg iarratas ó mhúinteoirí agus ó cheannairí scoile le haghaidh ról ar fud earnálacha na bunscolaíochta agus na hiar-bhunscolaíochta. Is é 2 i.n. ar 26 Eanáir an spriocdháta le haghaidh iarratas. Tá tuilleadh eolais faoi dheiseanna gairme iasachta in Oide ar fáil trí chliceáil anseo**.**

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

**Fóram Feasa**

Tosaíodh sceideal Fóram Feasa i mbliana le seisiún oscailte do mhúinteoirí gach ábhair (15 Eanáir 7-8 ar líne)

An tseachtain seo chugainn, tosnófar ar shraith de thrí cheardlann do mhúinteoirí Gaeilge. Ar an 22ú Eanáir (7-8 ar líne), tabharfaidh Lydia Uí Ruairc (COGG/Coláiste Íosagáin) agus Máire Ní Fhéinidh, Scoil Chuimsitheach Chiaráin, An Cheathrú Rua, spléachadh ar acmhainní nua do shaibhreas/chruinneas na Gaeilge don tSraith Shóisearach – Ní Ceart go Cruinn/Ní Snasta go Blasta. Cláraígí anseo agus chun eolas clárúcháin a fháil.

Fóram Feasa
Múinteoirí ag tacú le múinteoirí eile
etbi
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Má ritheann aon cheist leat, fáiltímid roimh chomhfhreagras uait. Níl le déanamh agat ach ríomhphost a sheoladh chuig eolas@oide.ie

Is muidne le meas,
Foireann na Gaeilge Iar-bhunscoile, Oide.
*Doras Feasa Fiafraí*